Cia so agras cóir um Chruachain?
[RIA 1134 (23/E/29) Book of Fermoy, 21]
[Séadna, Dán Díreach]

1 [C]ia so agras coir um Cruach[ain]
ar cloinn Meadhbha mor [in ...]
mor nac dluith do bhaidh na [m...]
cuith ler ail sathad[h] san [sel..].
2 Borb nach fiafraigh ga fer agras
istad [.................] mur ar sloigh
cia is tualuing o a-tam [’ga le]anmhuin
lamh fan luaguill meanmnuigh mo[ir].
3 Mur inghine Eachaid[h] Fedlig[h]
fe[i]dm a agra amlaid [súd?]
budh sen aidh budh adbal (?) sluaghad[h]
adrad don dail uabar (?) ud.
4 Bud sen colg do claeclog data
bud deargadh rann rigda in slicht
bud seolad nel nderg os duintibh
bud sen cealg im cuirtibh cnicht.
5 Bud sen giall a ngemlib[h] soillsi
budh sen treas do tairrnger drai
budh sén creach is fhagla is irghal
in breath tarrla im fhinnMagh nAi.
6 Ma a-ta laech ac lenmain dligid[h]
ar dún Cruachan caruit baird
gabhudh la suil tí da tagra
ma a-ta ri ’ga hagra os aird.
7 Nach tu a Muircearttuigh meic hSeaain
hsiris coir im Cruachain Sainbh
da lena in coir a cleth Cime
is breath on doigh sinne a snaidm.
8 Tair tairis mar ta do du[th]chus
um dun Meadba a mic I Ne[i]ll
do ceart ar toigh Tuathail toguibh
’s ar Cruachain gl[oin?] roduigh ré[i]dh.
9 Nach é do scel a sgath Railinn
cu rait Cruachan na colg mbrec
na scela mar is dú a ndenam
do-geba tu a leghadh let.
10 Catal Croibderg or chin tusa
tarraid[h] Cruachain cat[h]air Airt
lughaiti is cair hí gan fhachuin
do bi a laim Cat[h]ail in cairt.
11 Felimidh ainn-sein d’e[i]s Cathail
a Cruachain moir Muighi hAi
dob i bladh dob f[h]err a nErinn
gac eng dar gabh Felim fai.
12 D’eis Felimidh moir meic Cathail
cairt Cruachan do cosain Aedh

bas ’gár togbadh is ’gar toirrneadh
in glas fodglan coillgeal cláen.
13 Mac ag Aedh in uair nac raibi
a raith Cruachan ’nar coir speis
ruccadh do bre[i]th hi don ingin
do bi a ccle[i]th Innbir da eis.
14 Trit sin cuinghi a cuilein Boindi [22]
bhreth mun ndail-sin a-der siat
tu ad mac ag inghin in fhir-sin
a slat Innbir lisgil Liag.
15 Ac sin do ceart a craeb Durrlus
ar dhun Cruachan na colg n-aith
ni fhaicim bre[i]th impi at t’aghaid[h]
acht be[i]th innti a ccabair caich.
(16 Dlighi a Mhuircreartuigh meic Una
egh[reacht] Chruachan na coig raen
[...] a-tú deit cu deimhin
a meic is tu [...] Aedh.)
16 Dlighi a Mhuircreartuigh meic Una
egreacht Cruachan na coig raen
is uime a-tu de[i]t gu demhin
a me[i]c is tu is eigir d’Aed.
17 Niall Glunndubh ge do gabh Cruachain
a craebh rath nac racha sis
lughuiti ar recht fe[i]n fa fuigle
nac tre nert Neill cuingi cis.
18 Do cograis tre cert do mathar
a meic righ Eamna in fuilt ma[o]ith
limhadh do frangcarm nger ngormaith
bel ar ardCarn fonnblaith Fra[o]ich.
19 Do cocradh let san lo ceadna
a Cind Muaige mor in rian
aghaidh do sluaigh uaibrigh eangoigh
ar Muaidh ruaidhmhir sreabhgloin siar.
20 An treas cuairt do cocuir tusa
techt gu Gaillim is gorm slis
lamh a-niar re gealclar nGaillme
is fiadh clethban aidne d’fis.
21 Gu bfinna uga fhear Cruachan
na can impu fhorbonn ngloir
fearr gac ní ar ais ina ar egin
a ri Naiss cedsir in coir.
22 Na dentar let lennan uirri
d’feruibh Cruacna a cneas mar tuind
fegh a fuil don gurt ag Gallaib[h]
na cuir ucht ar clannuibh Cuind.
23 Ma fuil aca d’urrlar Connacht.
ar cloind Credhi cuinigh breith
a fuil a laimh Gall do-geba
mad ail a barr Lena at leith.

24 Ticfat let curaid[h] clann Eogain
d’agra Cruachan na corr slim
budh cumhung di mínmhagh Meadbha
da ti rigradh Emhna ind.
25 Ticfait uaisli aicme Colmáin
is clann Eogain nar ob gleo
ticfa in Brianclann fat barr ndruimneach
is cland chiabcham Luighdeac leo.
26 Mor sochur tuillim[h] (?) tuc duit-si
ón doigh credimh dot cebh truim
fes dot t’athair a fir Luachra
le lachain gil Cruachna Cuind.
27 O duthchus Una is ead[h] fuaruis
in folt maeth-so a meic I Neill
suairc nochtmaisi clann (?) do chebhi
foltchaisi cland Credhi at ce[i]bh.
28 Fuaruis grisad do gruadh corcra
o cloind Briain a bharr na lub
caelach minredh moingi h’abra
d’firmhein clainni Sadba sud.
29 A-ta commain o cruth Eogain
at t’agaidh corcra a ciabh nocht
a-ta do [leg. san?] c[h]e[i]bh drongshair deathaig[h]
commain Ne[i]ll is Eachaid[h] ort.
30 Mairg do cliaruibh a craebh Taillten
do tuillfeadh guth dod gruaidh buig
druim re cleir ni headh do fedfa
re[i]r do hsean is denta duid.
31 Beag a n-eoch duid dan do cenndac
ar crodh nGall do-geba clu
dail cruidh in gilli ar do gualuinn
a thuir Cimi is tualaing tu.
32 Commaith lind uaid-si is e a bunad
buar an tiri-si a-ta ad laimh
’san buar a ngoiri do glaislinn
a sduadh Moighi fairsing Fáil (?).
33 Ni fearr lind on lo is ga comroind
do crodh fene fada in ruaig
ana buar buailead do namad
a sduadh nuaigheal Fhanad uaidh.
34 Tusa a Mhuirceartuigh meic hSeaain
hsaerus na tuatha im Traigh Li
mar ta do coir ac Leth Luachra
ar teach sloigh Cruachna do-chi. Cia..